An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile
An Cathaoirleach

18.7.2023

Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir leis an tuarascáil eatramhach ar an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (2023/0201R(APP))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag a chruinniú an 29 Meitheamh 2023, chinn Comhordaitheoirí Choiste LIBE an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 18 Iúil 2023. Ag an gcruinniú sin[1], chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thuarascáil eatramhach.

Is mise, le meas,

Juan Fernando López Aguilar

MOLTAÍ

1. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún i dtaobh uasteorainn Cheannteideal 4 a mhéadú chun léiriú a thabhairt ar an ngá atá le maoiniú méadaithe le haghaidh ghlacadh an Comhshocraithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann a bhfuiltear ag súil leis; á chur i bhfios go bhfuil caibidlíocht idir na comhreachtóirí fós ar siúl agus á áitiú gur cheart sainorduithe na Parlaiminte agus na Comhairle araon a chur san áireamh agus athbhreithniú á dhéanamh ar an uasteorainn; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, an méadú mar fhreagairt ar na riachtanais a eascraíonn as an gcogadh i gcoinne na hÚcráine agus an cinneadh a rinneadh ina dhiaidh sin an Treoir um Chosaint Shealadach a ghníomhachtú, lena gcuirtear brú ar leith ar an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) agus a mbeidh gá beagnach cinnte leis an lánpháirtíocht a bhunú sna blianta amach romhainn; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, gur gá acmhainní airgeadais a dhíriú chun cuspóir na dlúthpháirtíochta fónta a bhaint amach trí na sásraí dlúthpháirtíochta a mholtar i sainorduithe caibidlíochta Pharlaimint na hEorpa.

2. ag aithint an méadú suntasach atá tagtha ar na huasteorainneacha faoi Cheannteideal 6, a léirítear sa togra ón gCoimisiún, a eascraíonn as staid atá ag dul in olcas in go leor tíortha comharsanachta agus níos faide i gcéin mar thoradh ar ghéarchéimeanna éagsúla de chineál domhanda, agus á chur i bhfáth ag an am céanna go bhfuil freagairt fheabhsaithe ar ghéarchéimeanna bunriachtanach i bhfianaise na ndúshlán domhanda iomadúla; á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh sé de thoradh ar thacaíocht don Úcráin go ndéanfaí airgead a atreorú ó réigiúin eile nó ó thosaíochtaí téamacha eile, agus dá bhrí sin gur cheart tuilleadh airgid a leithdháileadh ar chabhair dhaonnúil (HUMA);

3. á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh sé d'éifeacht ag cistiú breise do Cheannteideal 6 chun tacú le bainistiú imirce i dtríú tíortha go mbeadh tacaíocht airgeadais do thríú tíortha ag brath ar a gcomhar maidir le saincheisteanna imirce; á mheabhrú go gceanglaítear leis an Rialachán lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta go ndéanfar comhar le tríú tíortha, cibé acu trí chomhpháirtíochtaí imirce nó trí chomhar déthaobhach, agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus um dhídeanaithe;

4. á chur in iúl gur geal léi na tograí reachtacha ón gCoimisiún a ghabhann leis an athbhreithniú meántéarma ar CAI, go sonrach an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Ardán na dTeicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP') agus an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Saoráid na hÚcráine; á mheabhrú, maidir leis an togra STEP, nach mór aon sonraí pearsanta chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a dhéantar faoin Ardán STEP a bhailiú agus a phróiseáil agus lánurraim á tabhairt don cheart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus don cheart chun príobháideachais;

Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach:

Juan Fernando López Aguilar, (Cathaoirleach/Rap), Pietro Bartolo (LC 2), Emil Radev (LC 4), Adamowicz Magdalena, Al-Sahlani Abir, Ansip Andrus, Arvanitis Konstantinos, Barley Katarina, Biedroń Robert, Bielowski Theresa, Bilčík Vladimír, Blaga Vasile, Boeselager Damian, Braunsberger-Reinhold Karolin, Bricmont Saskia, Chagnon Patricia, Daly Clare, Delbos-Corfield Gwendoline, Düpont Lena, Fest, Nicolaus, Grapini Maria, Guillaume Sylvie, Gusmão José, Incir Evin, in't Veld Sophia, Jaki Patryk, Kanko Assita, Keller Fabienne, Körner Moritz, Kuhnke Alice, Nemec Matjaž, Morano Nadine, Oetjen Jan-Christoph, Olbrycht Jan, Papadakis Kostas, Rangel Paulo, Sagartz Christian, Santos Isabel, Sippel Birgit, Terheş Cristian, Strik Tineke, Strugariu Ramona, Tardino Annalisa, Toom Yana, Urbán Crespo Miguel, Yoncheva Elena, Zarzalejos Javier